RÚN (AE) 2022/1835 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Chomhghnóthas Shift2Rail (Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa anois) don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Chomhghnóthas Shift2Rail don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V a ghabhann lena Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0069/2022),

A. de bhrí gur bunaíodh Comhghnóthas Shift2Rail (an "Comhghnóthas") i mí an Mheithimh 2014 ar feadh tréimhse 10 mbliana le Rialachán (AE) Uimh. 642/2014 ón gComhairle ([1]);

B. de bhrí gurb iad an tAontas, a ndéanann an Coimisiún ionadaíocht thar a cheann, agus comhpháirtithe sa tionscal iarnróid (príomhgheallsealbhóirí, lena n-áirítear monaróirí trealaimh iarnróid, cuideachtaí iarnróid, bainisteoirí bonneagair agus lárionaid taighde) na comhaltaí bunaidh agus go bhféadfadh eintitis eile atá rannpháirteach sa Chomhghnóthas a bheith ina gcomhaltaí gaolmhara; de bhrí nár cheart do ranníocaíochtaí ó chomhaltaí seachas an tAontas a bheith teoranta do chumhdach na gcostas riaracháin agus do chumhdach an chómhaoinithe is gá chun gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a dhéanamh, agus dóibh sin amháin, ach ba cheart baint a bheith acu freisin le gníomhaíochtaí breise;

C. de bhrí gurb iad príomhchuspóirí an Chomhghnóthais rannchuidiú leis an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid a bhaint amach, agus tarraingteacht, iomaíochas, inbhuanaitheacht agus comhtháthú an chórais Eorpaigh iarnróid a fheabhsú, lena n-éascaítear, i measc nithe eile, aistriú módach ó iompar de bhóthar agus d'aer chuig iompar d'iarnród;

D. de bhrí gur thosaigh an Comhghnóthas ag obair go neamhspleách i mí na Bealtaine 2016;

Barúlacha ginearálta

1. ag tabhairt dá haire sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí (an "Chúirt") maidir le cuntais bhliantúla an Chomhghnóthais don bhliain airgeadais 2020 ("tuarascáil na Cúirte") go dtíolactar sna cuntais bhliantúla, ar gach slí ábhartha, staid airgeadais an Chomhghnóthais an 31 Nollaig 2020, torthaí a chuid oibríochtaí, a shreafaí airgid thirim, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain a tháinig chun deiridh ansin, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin; ag tabhairt dá haire, thairis sin, ó thuarascáil na Cúirte go bhfuil na bun-idirbhearta a ghabhann leis na cuntais dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha;

2. ag tabhairt dá haire gurb é EUR 450 000 000 (lena n-áirítear ranníocaíochtaí CSTE) ranníocaíocht uasta an Aontais le gníomhaíochtaí an Chomhghnóthais, don tréimhse a leagtar síos sa Rialachán a bheidh le híoc ó Fhís 2020; ag tabhairt dá haire go ranníocfaidh gach comhalta den Chomhghnóthas seachas an tAontas (grúpáil tionscail) acmhainní iomlána de EUR 470 000 000 ar a laghad, agus rachaidh EUR 350 000 000 de sin ar a laghad chuig gníomhaíochtaí oibríochtúla an Chomhghnóthais agus EUR 120 000 000 ar a laghad de ranníocaíochtaí comhchineáil chuig gníomhaíochtaí breise an Chomhghnóthais;

3. ag tabhairt dá haire go bhfuil ar an iomlán níos mó ná 400 eintiteas poiblí agus príobháideach, a dhéanann ionadaíocht thar ceann na hearnála iarnróid, rannpháirteach i ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta an Chomhghnóthais; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur méadaíodh an comhar sna Ballstáit agus an comhar le páirtithe idirnáisiúnta in 2020, mar atá léirithe le síniú an Mheabhráin Tuisceana le Réigiún na mBascach, ceann eile le Cuibhreannas Taighde agus Nuálaíochta Uirbigh Cheanada agus ceann eile arís le Buan-Rúnaíocht an Chomhphobail Iompair in 2020;

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 642/2014 ón gComhairle an 16 Meitheamh 2014 lena mbunaítear Comhghnóthas Shift2Rail (IO L 177, 17.6.2014, lch. 9).

Buiséad agus bainistiú airgeadais

4. ag tabhairt dá haire go gcuimsítear sa bhuiséad deiridh a bhí ar fáil in 2020 (lena n-áirítear leithreasuithe ó bhlianta roimhe sin nár úsáideadh, ioncam sannta agus ath-leithdháiltí don chéad bhliain eile a iontráladh arís) EUR 89 711 000 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 80 289 000 i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí; ag tabhairt dá haire gurb iad 94 % agus 76 % faoi seach na rátaí úsáide do na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus faoi chomhair íocaíochtaí a bhí ar fáil in 2020;

5. ag tabhairt dá haire gur EUR 84 081 000 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 75 779 000 i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a bhí i mbuiséad gníomhach an chláir Fís 2020 de chuid an Chomhghnóthais a bhí ar fáil in 2020; ag tabhairt dá haire, ó thuarascáil na Cúirte, thairis sin, go ndearna an Comhghnóthas 100 % agus 80 % faoi seach de na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus de na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil do thionscadail an chláir Fís 2020 a chur chun feidhme ag deireadh 2020; ag tabhairt dá haire gur tháinig laghdú ar an ráta cur chun feidhme do na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí oibríochtúla i gcomparáid le 2019 (88 %) toisc nach bhféadfaí comhaontú deontais amháin arna dhámhachtain faoin nglao ar thograí in 2020 a shíniú faoi dheireadh 2020 agus toisc go raibh gá an réamh-mhaoiniú gaolmhar a chur siar dá réir;

6. ag tabhairt dá haire, amhail ag deireadh 2020, gur ranníoc na comhaltaí príobháideacha EUR 131 181 000 bailíochtaithe ar an iomlán, lena gcuimsítear EUR 9 238 000 in airgead tirim san iomlán, EUR 121 942 000 i ranníocaíochtaí comhchineáil bailíochtaithe, agus ina theannta sin, EUR 204 806 156 (amhail an 31 Eanáir 2021) i ranníocaíocht chomhchineáil ar an iomlán chuig gníomhaíochtaí breise, i gcomparáid le ranníocaíocht airgid thirim iomlán an Aontais arb ionann é agus EUR 297 741 000 (amhail ag deireadh 2020);

7. ag tabhairt dá haire go bhfuil nósanna imeachta éagsúla ann ó Chomhghnóthas go chéile maidir le ríomh na ranníocaíochtaí comhchineáil agus á iarraidh go ndéanfar iad a chomhchuibhiú;

Feidhmíocht

8. ag tabhairt dá haire, i mí Iúil 2020, gur roghnaigh Bord Rialaithe an Chomhghnóthais 19 dtogra chun cistiú a fháil mar thoradh ar ghlao 2020 a seoladh i mí Eanáir 2020 bunaithe ar Phlean Oibre Bliantúil leasaithe 2020; ag tabhairt dá haire gur dámhadh 19 ndeontas ar luach iomlán de thart ar EUR 147 700 000 in 2020, agus gur síníodh 18 díobh; ag tabhairt dá haire, arna iarraidh sin ón gCuibhreannas, agus ós rud é gur gá na leithdháiltí tionscadail idir pacáistí oibre a atheagrú, gur cuireadh síniú comhaontaithe deontais amháin siar go dtí 2021; ag tabhairt dá haire gur coinníodh 242 rannpháirtí san iomlán, a ndearna fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) ionadaíocht ar 29 % díobh i dtionscadail na nglaonna oscailte, chun cistiú a fháil sna 19 n-ábhar taighde agus nuálaíochta faoi ghlao 2020 agus go ndearna na hiarratais ionadaíocht ar rannpháirtithe ó 30 tír, ar coinníodh 19 mBallstát agus trí thír díobh atá comhlachaithe leis an gClár Réime Fís 2020 chun cistiú a fháil;

9. ag moladh na mbeart a rinne an Comhghnóthas chun moill sna tionscadail a theorannú tar éis ghéarchéim COVID-19; ag tabhairt dá haire gur cuireadh cuid de na híocaíochtaí a bhí le híoc ar dtús in 2020 siar go 2021 i ngeall ar ghéarchéim COVID-19; á thabhairt dá haire ina leith sin gur bhain an Comhghnóthas úsáid as Teideal 4 ina bhuiséad i gcomhréir lena Rialacha Airgeadais;

10. ag tabhairt dá haire go raibh 72 thionscadal ar siúl ag deireadh 2020, (36 iarraidh do chomhaltaí agus 36 iarraidh oscailte): dáileadh 55 thionscadal ar na cúig chlár nuálaíochta, dáileadh naoi dtionscadal ar na gníomhaíochtaí cothrománacha agus dáileadh ocht dtionscadal ar Chlár Nuálaíochta X;

11. ag tabhairt dá haire go n-úsáideann an Comhghnóthas na Príomhtháscairí Feidhmíochta coiteanna le haghaidh an chláir Fís 2020 agus le haghaidh saincheisteanna cothrománacha, chomh maith le príomhtháscairí feidhmíochta a bhaineann go sonrach leis an gComhghnóthas amhail éifeachtúlacht an chórais iompair iarnróid; ag tabhairt dá haire, le linn 2020, gur lean an Comhghnóthas leis an obair chun "Samhail Réamhaisnéise Tionchair Shift2Rail 2030" a chothabháil, tríd an gcéad eisiúint eile a áirithiú, rud a lean as an nuashonrú a rinneadh ar an ionchur sonraí ó na tionscadail éagsúla agus ó léiritheoirí teicneolaíochta éagsúla;

12. ag moladh an tuairiscithe leanúnaigh a rinne an Comhghnóthas, ó 2018 i leith, maidir lena rannchuidiú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach, agus, go háirithe, maidir lena rannchuidiú le laghdú a dhéanamh ar chostas saolré an iompair iarnróid;

13. ag tabhairt dá haire, faoi dheireadh 2020, gur bhain an Clár Shift2Rail garspriocanna ríthábhachtacha amach ó thaobh cur chun feidhme de toisc go bhfuil beagnach gach acmhainn den Chomhghnóthas curtha ar leataobh do ghníomhaíochtaí an Chláir Shift2Rail, agus toisc gur baineadh amach ar a laghad 60 % de Chlár Shift2Rail d'fhonn taispeántais oibríochtúla TRL6/7 a bhaint amach a bheartaítear go dtabharfar chun críche iad le linn 2023;

14. ag tabhairt dá haire go meastar gurb ionann luach iomlán na ngníomhaíochtaí a rinneadh in 2020 agus EUR 119,4 milliún (a bhfuil EUR 110,3 milliún de tugtha ag comhaltaí eile seachas an tAontas Eorpach);

15. ag tabhairt dá haire go bhfuil gníomhaíochtaí reatha an Chomhghnóthais ag dul chun cinn i dtreo a thaispeántas in 2022 agus in 2023 agus go n-áiritheofar leis sin go ndéanfar céimniú amach cuí agus céimniú isteach cuí idir dhá Chlár sa Chomhghnóthas um Iarnród na hEorpa, a tháinig i gcomharbas ar Shift2Rail; ag tabhairt dá haire gurb iad taispeántais teicneolaíochta an Chomhghnóthais na bloic thógála de chlaochlú iarnróid níos sistéamaí atá á stiúradh go straitéiseach ag ann gComhaontú Glas don Eoraip de chuid an Choimisiúin, ag an gClár Oibre Digiteach agus, le déanaí, ag an Straitéis maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe agus Cliste; ag tabhairt dá haire, le linn earrach na bliana 2020, gur thacaigh an Comhghnóthas tuilleadh le forbairt an Pháipéir Ardleibhéil maidir le Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa (EU-Rail), a tháinig i gcomharbas ar Shift2Rail, agus tar éis an chéad leagan den Pháipéar Ardleibhéil a chur isteach i mí na Nollag 2019, gur lean an Comhghnóthas de chomhordú a dhéanamh ar na hionchuir éagsúla sa chéad leath de 2020; ag tabhairt dá haire gur sheol an Coimisiún, i mí Lúnasa 2020, cuireadh d'eintitis chun spéis a léiriú le bheith ina gcomhalta bunaidh is iarrthóir de Chomhghnóthas um Iarnród na hEorpa;

16. ag spreagadh an Chomhghnóthais teicneolaíochtaí agus réitigh nuálacha a fhorbairt, a chomhtháthú, a thaispeáint agus a bhailíochtú chun deireadh a chur leis na bacainní teicniúla atá fós ann lena gcuirtear srian leis an earnáil iarnróid ó thaobh idir-inoibritheachta agus cur chun feidhme agus éifeachtúlacht táirgí, agus na seachtrachtaí diúltacha a laghdú i ndlúthchomhar le geallsealbhóirí an tslabhra luacha iarnróid ina iomláine, go háirithe FBManna, lárionaid taighde agus teicneolaíochta agus ollscoileanna;

17. á thabhairt chun suntais gur gá sineirgí a fhorbairt tuilleadh idir an chomhpháirtíocht nua agus na sásraí cistiúcháin atá ann cheana agus leas iomlán a bhaint as deiseanna do thionscadail a mhaoinítear faoi chláir an Aontais amhail an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, an Plean don Eoraip Dhigiteach, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe, chomh maith le InvestEU;

18. ag tabhairt dá haire, i dTuarascáil Bhliantúil Gníomhaíochta 2020 an Chomhghnóthais maidir le cothromaíocht inscne i ndáil leis na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar H2020 don bhliain sin, go raibh an céatadán céanna de mhná ar an mBord Rialaithe ag an gComhghnóthas agus a bhí ann an bhliain seo caite, eadhon 16 %, agus gurbh ionann iad agus 33 % d'Ionadaithe an Chomhghnóthais agus 33 % den Choiste Eolaíoch; á chur in iúl gurb oth léi go bhfuil na figiúirí maidir leis na mná mar an gcéanna i gcomparáid leis an mbliain roimhe 2019;

19. ag thabhairt dá haire agus is ábhar imní di na dúshláin a bhaineann le paindéim COVID-19 d'fhostaithe; á chur in iúl gur geal léi gur chuir an Comhghnóthas suirbhé foirne i gcrích den chéad uair agus gur dréachtaíodh plean gníomhaíochta, lena n-áirítear "clár oiliúna folláine" a bhunú chun tacaíocht a thabhairt don fhoireann le linn phaindéim COVID-19; á iarraidh ar bhainistíocht a áirithiú go mbeidh struchtúir tacaíochta iomchuí i bhfeidhm maidir le folláine shíceolaíoch na foirne;

Foireann agus soláthar

20. ag tabhairt dá haire, an 31 Nollaig 2020, i bhfianaise na hearcaíochta eisceachtúla do ghníomhaire sealadach ar conradh chun teacht in ionad gníomhaire sealadach, gur líonadh 24 phost, lena gcuimsítear beirt saineolaí náisiúnta ar iasacht, cúigear gníomhairí sealadacha, agus 16 ghníomhaire ar conradh de réir an phlean bunaíochta; ag tabhairt dá haire gur chuir an Comhghnóthas suirbhé foirne i gcrích don chéad bhliain agus é mar aidhm leis rannpháirtíocht na foirne a thomhas agus faireachán a dhéanamh ar a mhéid a bhí creat rialaithe inmheánaigh réamhshainithe an Chomhghnóthais leabaithe cheana féin in iompar na foirne;

21. ag tabhairt dá haire, in 2020, ar mhaithe le bainistíocht fhónta airgeadais agus, a mhéid ab fhéidir, gur bhain an Comhghnóthas úsáid as Comhaontuithe ar Leibhéal Seirbhíse le seirbhísí ábhartha an Choimisiúin agus le gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais (TFC, oiliúint, párolla, misean, aisíocaíochtaí saineolaithe, foireann eatramhach, etc.) agus gur ghlac sé páirt i gcreatchonarthaí idirinstitiúideacha (e.g. TF, iniúchadh, troscán oifige, árachas, seirbhísí acmhainní daonna) trí Mheabhrán Tuisceana a shíniú, agus, ina theannta sin, go raibh an Comhghnóthas i gceannas ar chreatchonarthaí idir-Chomhghnóthais nó gur ghlac sé páirt iontu (e.g. TF agus seirbhísí cosanta sonraí), agus freisin d'fhonn sineirgí a fheabhsú; ag tabhairt dá haire freisin, in 2020, gur sheol an Comhghnóthas a chéad ghlao ar Dhuais, faoi Fhís 2020;

Iniúchóireacht inmheánach

22. ag tabhairt dá haire go ndearna an tseirbhís iniúchóireachta inmheánaí iniúchadh ar an bpróiseas deontais in 2019 agus le linn 2020, go ndearna an Comhghnóthas bearta ar bhonn a phlean gníomhaíochta chun na ceithre mholadh thábhachtacha a bhí ardaithe ag na hiniúchóirí a chur chun feidhme; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur dheimhnigh an tseirbhís iniúchóireachta inmheánaí i mí Dheireadh Fómhair 2020 ar bhonn doiciméadacht bhreise a cuireadh ar fáil, gur mheas sí go bhfuil na chéad trí mholadh curtha chun feidhme agus i mí Eanáir 2021, gur mheas sí go raibh na moltaí uile curtha chun feidhme;

23. ag tabhairt dá haire, thairis sin, go ndearna an tseirbhís iniúchóireachta inmheánaí measúnú riosca domhain sa Chomhghnóthas in 2020 chun plean straitéiseach nua don iniúchóireacht inmheánach a fhorbairt a chumhdóidh an tréimhse 2021-2023;

Rialú inmheánach

24. ag tabhairt dá haire ó thuarascáil na Cúirte gur bhunaigh an Comhghnóthas nósanna imeachta rialaithe *ex-ante* iontaofa in 2020 bunaithe ar athbhreithnithe doiciméad airgeadais agus oibríochtúla agus gur chuir an Comhghnóthas creat rialaithe inmheánaigh (ICF) an Choimisiúin chun feidhme, ar creat é atá bunaithe ar 17 bprionsabal rialaithe inmheánacha; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur fhorbair an Comhghnóthas táscairí ábhartha do na prionsabail rialaithe inmheánacha uile agus dá saintréithe gaolmhara chun féinmheasúnú bliantúil agus faireachán bliantúil a dhéanamh ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí rialaithe a cheanglaítear le ICF;

25. ag tabhairt dá haire go gceanglaítear, le cinneadh Uimh. 7/2018 ón mBord Rialaithe lena nglactar na rialacha maidir le coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, ar cinneadh é a bhfuil feidhm aige maidir le comhlachtaí an Chomhghnóthais, go ndéanfar CVanna cothrom le dáta agus dearbhuithe coinbhleachta leasa chomhaltaí an Bhoird Rialaithe a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Chomhghnóthais; á thabhairt dá haire ó thuarascáil na Cúirte nach rabhthas in ann aon cheann de na dearbhuithe coinbhleachta leasa agus gan ach leath de na CVanna a fhoilsiú faoi dheireadh 2020 toisc nár thíolaic ach líon beag de chomhaltaí an Bhoird Rialaithe an fhaisnéis go hiomchuí; á thabhairt dá haire gur mheabhraigh an Comhghnóthas roinnt uaireanta do chomhaltaí an Bhoird Rialaithe na dearbhuithe coinbhleachta leasa a bhí in easnamh a chur isteach, agus, i mí an Mheithimh 2021, go raibh 28 % de CVanna agus de dhearbhuithe coinbhleachta leasa fós in easnamh (12 as 43 ionadaí ghníomhacha reatha), agus gur cuireadh tuarascáil stádais faoi bhráid chomhaltaí an Bhoird Rialaithe agus gur míníodh gur measadh aon chomhalta nár chomhlíon na ceanglais maidir le dearbhú coinbhleachta leasa agus CV a bheith *de facto* i staid coinbhleachta leasa, staid a bhfuil eisiamh ó phróiseas cinnteoireachta an Bhoird Rialaithe mar thoradh air; á iarraidh ar an gComhghnóthas aon fhorbairt i dtaca leis sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

26. ag tabhairt dá haire ó thuarascáil na Cúirte go bhfuil Comhsheirbhís Iniúchóireachta an Choimisiúin (CAS) freagrach as iniúchadh *ex-post* a dhéanamh ar íocaíochtaí leis an gclár Fís 2020 a rinne an Comhghnóthas agus, bunaithe ar na torthaí iniúchta *ex-post* a bhí ar fáil ag deireadh 2020, gur thuairiscigh an Comhghnóthas ráta earráide ionadaíoch 2,9 % agus ráta earráidí iarmharacha 1,99 % do thionscadail an chláir Fís 2020 (imréitigh agus íocaíochtaí deiridh); ag cur sonrú ar thogra le haghaidh rialachán ón gCoimisiún maidir le Fís 2020 a bhfuil sé mar aidhm dheiridh leis, maidir leis an leibhéal earráide iarmharaí tráth a ndúnfar na cláir tar éis thionchar airgeadais na n-iniúchtaí, na mbeart ceartúcháin agus aisghabhála uile a bheith curtha san áireamh, go mbainfidh sé leibhéal amach atá chomh gar agus is féidir do 2 %;

27. ag tabhairt dá haire go ndearna an Comhghnóthas measúnú in 2020 ar a ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta trí chleachtadh tríú geata rialaithe agus gur cuireadh san áireamh sa chleachtadh na táirgí insoláthartha agus na tuarascálacha a cuireadh isteach i gcomhthéacs an athbhreithnithe bhliantúil ar na tionscadail ghníomhacha arna gcomhordú ag na comhaltaí eile agus ag an am céanna gur áirithíodh tríd an bpróiseas sin go ndearnadh an moladh a rinneadh le linn an mheasúnaithe geata rialaithe a rinneadh roimhe sin a chur i bhfeidhm i gceart;

28. ag tabhairt dá haire gur lean an Comhghnóthas de Straitéis Frithchalaoise Shift2Rail 2017-2020 a chur chun feidhme, ar straitéis frithchalaoise shaincheaptha í lena gcomhlánaítear Fís 2020 agus i gcomhréir leis sin, go n-úsáidtear cúig tháscaire chun torthaí gníomhaíochtaí coiscthe agus braite calaoise a thuairisciú, agus go gcumhdaítear sa phlean gníomhaíochta gaolmhar maidir le cur chun feidhme na straitéise céimeanna éagsúla den timthriall frithchalaoise (bearta coisctheacha, braite, imscrúdaithe agus ceartaitheacha); ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur cumhdaíodh le linn 2020 feasacht calaoise agus rioscaí calaoise leis an suirbhé foirne, a rinneadh tar éis creat rialaithe inmheánaigh athbhreithnithe a ghlacadh, agus leis measúnú riosca faoi seach;

29. ag tabhairt dá haire go ndearna an Chúirt, mar chuid de na rialuithe ar íocaíochtaí oibríochtúla, iniúchadh ar shampláil randamach d'íocaíochtaí leis an gclár Fís 2020 a rinneadh in 2020, ar leibhéal na dtairbhithe deiridh chun comhthacú leis na rátaí earráide iniúchóireachta *ex-post* agus, i gcás amháin, gur nochtadh sna hiniúchtaí mionsonraithe earráid shistéamach mar gheall ar úsáid modha mhíchirt chun costais phearsanra dhearbhaithe a ríomh agus, i gcás eile, laige rialaithe shistéamach neamh-inchainníochtaithe a bhain le heaspa nós imeachta bailíochtaithe an tairbhí do na huaireanta dearbhaithe a oibríodh ar an tionscadal; ag cur béim ar an bhfreagra ón gComhghnóthas, maidir leis an toradh nach ann do nós imeachta bailíochtaithe an tairbhí do na huaireanta a dearbhaíodh, arna shainaithnint i dtuarascáil iniúchóireachta *ex-post* a rinne CAS ag deireadh 2020, nach raibh coigeartuithe airgeadais ag teastáil agus gur thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil sin go raibh córas taifeadta ama an tairbhí iontaofa, den chuid is mó, agus gur dheimhnigh an tairbhí go ndéanfaí na feabhsuithe ar an gcóras bailíochtaithe ama a chur chun feidhme; á iarraidh ar an gComhghnóthas tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh i dtaca leis sin;

30. ag cur béim ar an bhfíoras, i dtuarascáil bhliantúil na Cúirte ar Chomhghnóthais an Aontais don bhliain airgeadais 2020, gur aimsigh an Chúirt earráidí córasacha leanúnacha sna costais phearsanra a bhí dearbhaithe ag tairbhithe, go háirithe i gcás FBManna agus tairbhithe nua; ag tabhairt dá haire go ndearnadh earráidí den sórt sin a thuairisciú go rialta freisin sna hiniúchtaí *ex-post* ar CAS agus ar a iniúchóirí ar conradh; á thabhairt chun suntais, ar leathanach 39 den tuarascáil sin, gur réamhchoinníoll é cuíchóiriú rialacha an chláir Fís 2020 maidir le costais phearsanra a dhearbhú agus úsáid níos leithne a bhaint as roghanna costais simplithe le haghaidh clár réime taighde a bheidh ann amach anseo, ar mhaithe le rátaí earráide a chobhsú go leibhéal níos ísle ná an leibhéal ábharthachta; ag spreagadh an Chomhghnóthais neartú a dhéanamh ar a chórais rialaithe inmheánaigh i bhfianaise gur gnách le FBManna agus tairbhithe nua níos mó earráidí a dhéanamh.